Bundesministerium
des Innern
und für Heimat

**GA**

Comórfar toghcháin na hEorpa an 9 Meitheamh 2024. An saoránach de Bhallstát Eorpach thú? Bíodh páirt agat i dtodhchaí na hEorpa! Úsáid do cheart chun vóta a chaitheamh. Is í Parlaimint na hEorpa do ghuthsa san Eoraip agus is í an t-aon institiúid amháin de chuid an Aontais í a thoghtar go díreach. Déanann a comhaltaí saincheisteanna tábhachtacha beartais a chinneadh – i réimsí a d'fhéadfadh fearadh ortsa freisin.

**Seo do dheis – caith do vóta!**

**Conas is féidir páirt a ghlacadh?**

Más saoránach den Aontas Eorpach thú agus má tá cónaí ort sa Ghearmáin, féadfaidh tú páirt a ghlacadh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa trí vóta a chaitheamh i do thír dhúchais nó sa Ghearmáin le haghaidh na n-iarrthóirí a bheidh ag seasamh sna toghcháin. Má chinneann tú vóta a chaitheamh sa Ghearmáin, is ceart duit na nithe seo a leanas a thabhairt do d'aird:

**Cé aige/aici a bhfuil ceart vótála?**

Tá sé de cheart ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Ghearmáin vóta a chaitheamh, más rud é, lá na dtoghchán

- go bhfuil sé nó sí sé bliana déag d'aois ar a laghad,
- go bhfuil cónaí air nó uirthi sa Ghearmáin nó i mBallstát eile den Aontas le trí mhí anuas ar a laghad, agus
- nár chaill sé nó sí a cheart nó a ceart chun vóta a chaitheamh sa Ghearmáin nó in aon Bhallstát eile den Aontas.

**Cad atá le déanamh?**

Chun páirt a ghlacadh sna toghcháin sa Ghearmáin, ní mór duit a bheith cláraithe chun vóta a chaitheamh i do cheantar cónaithe sa Ghearmáin.

- Má chaith tú vóta cheana sa Ghearmáin le linn na dtoghchán Eorpach sa bhliain 2019, tá tú ar an gclár toghthóirí don cheantar cónaithe agat cheana féin agus ní gá duit clárú athuair. Mura mbeidh cárta vótála faighte agat faoin 19 Bealtaine 2024, is ceart duit teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil i do cheantar cónaithe.
- Ní mór do gach saoránach eile den Aontas **iarratas a chur isteach chun go gcuirfear é nó í ar an gclár toghthóirí.** Ní mór an t-iarratas sin a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil i gceantar cónaithe an iarratasóra sa Ghearmáin **faoin 19 Bealtaine 2024** (tabhair do d'aire, le do thoil, na huaireanta oscailte agus na hamanna seachadta poist iomchuí).

**Cén áit ar féidir foirm iarratais agus a thuilleadh eolais a fháil?**

Tá foirmeacha iarratais agus treoracha ar fáil ón **údarás áitiúil** i do cheantar cónaithe nó ar an **idirlíon** ag

https://www.bundeswahlleiterin.de/europawahlen/2024/informationen-waehler/unionsbuerger.html.

**Cad ba cheart a dhéanamh más mian leat vóta a chaitheamh i do thír dhúchais seachas sa Ghearmáin?**

Má chaith tú vóta sa Ghearmáin le linn na dtoghchán Eorpach sa bhliain 2019, ní foláir duit iarratas a chur isteach chuig an údarás áitiúil i do cheantar cónaithe faoin **19 Bealtaine 2024**

**chun go mbainfear d'ainm den chlár toghthóirí**. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis fhreagracha i do thír dhúchais nó leis an misiún taidhleoireachta cuí chun eolas a fháil faoin tslí chun páirt a ghlacadh sna toghcháin i do thír dhúchais.